Nótaí don Dalta: Taighde a Dhéanamh

- Labhair ar na rudaí atá ar eolas agat cheana féin faoin topaic ranga. Déan, mar rang, liosta de na ceisteanna a chuideoidh leat le tuilleadh eolais a fháil amach ar an topaic.
- Aibhsigh na heochairfhocail i do liosta ceisteanna.
- Taispeánfaidh do mhúinteoir duit an dóigh le hinneall cuardaigh a aimsiú. Úsáid an t-inneall cuardaigh leis na heochairfhocail a chur isteach. Labhair le chéile ar thorthaí an chuardaigh.
- Smaoinigh ar fhocail atá cosúil leis sin, agus an dtiocfadh leat iad a úsáid le torthaí níos fearr a fháil.
- Déan do chuardach a theorannú le hamharc ar íomhánna, léarscáileanna nó nuacht.
- Inseoidh do mhúinteoir duit cad é an suíomh gréasáin/ na suíomhanna gréasáin ba chóir cuairt air/orthu, bunaithe ar do thorthaí cuardaigh.
- Coinnigh cóip de na URLanna a dtugann tú cuairt orthu sna ceanáin, sna leabharmharcanna nó i gcáipéis shábháilte.
- Faigh faisnéis atá ina chuidiú le freagra a thabhairt ar na ceisteanna a chuir do rang. San fhaisnéis seo b'fhéidir go mbeadh léarscáileanna, íomhánna nó téacs.
- Úsáid an chóip agus greamaigh orduithe leis an ábhar ón tsuíomh gréasáin a chur i ndoiciméad próiseáil focal agus/nó sábháil é mar ordú le híomhánna ar bith a íoslódáil chuig do chomhad.
- Le cuidiú ó do mhúinteoir, oscail doiciméad próiseáil focal agus athscríobh i do chuid focal féin an fhaisnéis is úsáidí a fuair tú. Roghnaigh íomhánna nó léarscáileanna atá tú a iarraidh a chur isteach. Smaoinigh an gcaithfidh tú an mhéid a athrú nó a mhéadú. Má chaithfidh tú sin a dhéanamh, tabharfaidh do mhúinteoir cuidiú duit.
- Úsáid comhadainm le do thionscadal a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do thaighde deiridh. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Taighde a Dhéanamh

- Smaoinigh ar an topaic a bhfuil tú ag foghlaim faoi. Úsáid na ceisteanna a chuir do mhúinteoir ar fáil le cuidiú leat smaoineamh ar roinnt ceisteanna maithe eile. D'fhéadfadh na focail a leanas bheith ag tús na gceisteanna Cad é, Cá háit, Cé, Cá huair, Cad chuige agus Cad é an dóigh.
- Aibhsigh na heochairfhocail i do chuid ceisteanna le téarmaí mar sin a shainaithint.
- Cuir cuid de do chuid téarmaí cuardaigh isteach in inneall cuardaigh le suímh ghréasáin a fháil a bheadh úsáideach.
- Amharc ar an ábhar atá i roinnt suímh ghréasáin. Sábháil cóip de na URLanna ar thug tú cuairt orthu sna ceanáin, sna leabharmharcanna nó i gcáipéis shábháilte.
- Ó réimse suíomhanna gréasáin, faigh samplaí d'ábhar (pictiúir, graif nó téacs) ba mhaith leat a úsáid i do thionscadal. Cuir san áireamh do chuid ceisteanna taighde agus tú ag roghnú an ábhair.
- Úsáid na horduithe cóipeáil agus greamaigh leis an ábhar a chur isteach i ndoiciméad Word agus/nó sábháil mar ordú le hábhar ar bith a íoslódáil don tionscadal agat go fillteán cuí. Úsáid comhadainm do gach sócmhainn a ligeann duit fios a bheith agat cad é atá ann.
- Oscail doiciméad próiseáil focal agus athscríobh i do chuid focal féin an fhaisnéis is úsáidí a fuair tú. Roghnaigh íomhánna, táblaí nó léarscáileanna ar bith ba mhaith leat a chur isteach. Smaoinigh an gcaithfidh tú a méid a athrú nó iad a mhéadú.
- Úsáid comhadainm le do thionscadal a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do thaighde deiridh. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Taighde a Dhéanamh

- Amharc ar an tasc taighde a thug do mhúinteoir duit. Déan liosta de cheisteanna fóirsteanacha taighde bunaithe ar an tasc, agus lucht féachana agus cuspóir á gcur san áireamh. D'fhéadfadh na focail a leanas bheith ag tús na gceisteanna Cad é, Cá háit, Cé, Cá huair, Cad chuige, Cad é an dóigh. Déan nóta de na ceisteanna seo i do dhialann tionscadail.
- Aibhsigh na heochairfhocail ó do chuid ceisteanna. Úsáid an méid atá ar eolas agat faoi chomhchiallaigh agus oibreoirí cuardaigh le do thaighde ar líne a phleanáil. Déan nóta den phlean seo i do dhialann tionscadail.
- Úsáid do phlean le do thaighde a dhéanamh agus déan athscagadh ar do chuid torthaí in inneall cuardaigh amháin nó níos mó ná sin.
- Amharc ar an ábhar sna suíomhanna gréasáin a fuair tú. Sábháil cóip de na URLanna a dtugann tú cuairt orthu sna ceanáin, sna leabharmharcanna nó i gcáipéis shábháilte. I do dhialann tionscadail déan nóta ar an fháth a bhfuil gach suíomh gréasáin ina rogha mhaith.
- Úsáid an réimse de shuímh ghréasáin a roghnaigh tú leis an ábhar a fháil a chuidíonn leat freagra a thabhairt ar do cheisteanna taighde. Nuair atá tú ag roghnú d'ábhair smaoinigh ar a úsáidí a bheas sé don lucht éisteachta agus don chuspóir.
- Sábháil faisnéis ar bith agus/nó sócmhainní trí chomhadainmneacha ábhartha a úsáid. Déan do chuid fillteán a struchtúrú le gur furasta an fhaisnéis a aisghabháil.
- Úsáid doiciméad próiseáil focal le do thuairisc taighde a chruthú. Úsáid na chéad cheisteanna taighde a bhí agat le cuidiú lena struchtúrú. Athscríobh i do chuid focal féin an fhaisnéis a fuair tú agus admhaigh sócmhainní ar bith a d'úsáid tú i do thuairisc.
- Déan athbhreithniú ar do thuairisc taighde le páirtí ranga. Seiceáil an bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat agus go bhfreagraíonn sé na ceisteanna taighde a bhí agat ar dtús. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar do thuairisc.
- Úsáid comhadainm cuí le do thuairisc taighde a shábháil.
- Nuair atá do thuairisc foilsithe agat, déan tagairt do do dhialann tionscadail agus déan nóta de dhá ghné chuardaigh ar a laghad a d'fhág go raibh do thaighde ar líne éifeachtach.
- Smaoinigh ar an dóigh a n-úsáidfeá oibreoirí cuardaigh ar dhóigh eile, dá mbeifeá ag déanamh taighde ar líne arís. Déan nóta de sin i do dhialann taighde.

Nótaí don Dalta: Taighde a Dhéanamh

- Amharc ar an tasc a thug do mhúinteoir duit. Cum liosta ceisteanna le freagairt le do thaighde, á gcosaint maidir le lucht féachana agus cuspóir. Déan nóta de na ceisteanna agus na cosaintí seo i do dhialann tionscadail.
- Le linn duit bheith ag déanamh taighde, déan tagairt do do chuid nótaí lena chinntiú go bhfuil tú ag freagairt na gceisteanna atá leagtha amach agat.
- Aibhsigh na heochairfhocail ó do chuid ceisteanna agus úsáid a bhfuil ar eolas agat faoi chomhchiallaigh agus oibreoirí taighde le do thaighde ar líne a phleanáil. Déan nóta den phlean seo i do dhialann tionscadail.
- Úsáid do phlean le do chuardach a dhéanamh agus déan torthaí do chuardach a athscagadh ar níos mó ná inneall cuardaigh amháin.
- Amharc ar an ábhar atá sna suíomhanna gréasáin a fuair tú. Roghnaigh na suíomhanna gréasáin is fearr ó do thorthaí agus sábháil cóip de do URLanna i do cheanáin, i do leabharmharcanna nó i ndoiciméad sábháilte. I do dhialann tionscadail cosain an fáth ar roghnaigh tú gach suíomh gréasáin faoi seach. Smaoinigh ar a fhóirsteanaí atá an t-ábhar iontu don tasc agat agus an bhfuil an fhaisnéis a thugann siad údarásach nó iontaofa.
- Úsáid na suíomhanna gréasáin atá roghnaithe agat leis na sócmhainní nó faisnéis a úsáidfidh tú i do thaighde a íoslódáil. Coinnigh slachtmhar an cnuasach fillteán trí struchtúr eagraithe a thabhairt do na fillteáin agat agus comhadainmneacha ábhartha a thabhairt do na comhaid agat.
- Úsáid doiciméad próiseáil focal le do thuairisc taighde a chruthú. Úsáid na ceisteanna taighde a bhí agat ar dtús le cuidiú leat an tuairisc seo a struchtúrú. Athscríobh i do chuid focal féin an fhaisnéis a fuair tú agus déan tagairt do sócmhainní a d'úsáid tú i do thuairisc.
- Coinnigh cuimhne an fhaisnéis a sheiceáil ar níos mó ná suíomh gréasáin amháin lena dheimhniú go bhfuil sé beacht (crostagairt). Smaoinigh i gcónaí ar a úsáidí atá an fhaisnéis dá cuspóir agus don lucht éisteachta a bhfuil sé dírithe air.
- Ag deireadh do thuairisce, bíodh do thaifead de thagairtí suímh ghréasáin, ag tabhairt an teidil, URL agus an dáta aisghabhála do gach suíomh.
- Déan athbhreithniú ar do thuairisc taighde le páirtí ranga. Aibhsigh na ceisteanna nár fhreagair tú go hiomlán i do dhialann tionscadail. Déan tuilleadh taighde agus déan an próiseas seo arís go dtí go bhfuil tú chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat.
- Úsáid comhadainm cuí le do thuairisc taighde a shábháil.
- Nuair atá do thuairisc foilsithe agat, déan tagairt do do dhialann tionscadail agus taifead teicnící ar bith cuardaigh a d'úsáidfeá arís le linn duit bheith ag déanamh taighde ar thionscadail. Murar fhreagair tú go hiomlán ceisteanna ar bith cosain na fáthanna atá agat leis sin.